

# GLAOCH OSCAILTE

Cuireadh chun tairisceana ar
choimisiún ealaíne poiblí do Champas Íosagáin,
Baile Bhuirne, Co. Chorcaí

# TOGRA EALAÍNE POIBLÍ CHAMPAS ÍOSAGÁIN

Údarás na Gaeltachta

ealaín NA GAELTACHTA



# OPEN CALL

Invitation to tender: Per cent for Art commission
for Campas Íosagáin,
Baile Bhuirne, Co. Cork

# Campas Íosagáin Public Art Project

Údarás na Gaeltachta

ealaín na Gaeltachta

## COIMISINÉIR:

Ealaín na Gaeltachta ar son Údarás na Gaeltachta, faoi Scéim an Chéatadáin don Ealaín

## SUÍOMH:

Coláiste Íosagáin, Baile Bhuirne, Co Chorcaí

## TURAS AR AN SUÍOMH AGUS SEISIÚN EOLAIS::

Dé hAoine 23 Bealtaine 2025

## SPRIOCDHÁTA IARRATAIS CÉIM 1:

5 i.n. Déardaoin 12 Meitheamh 2025

## BUISÉAD:

**€68,000** San áireamh tá táillí, dearadh, ábhair, suiteáil sa láthair agus costais chomhcháilithe le CBL.

ealaín NA GAELTACHTA



Údarás na Gaeltachta

## COMMISSIONER:

Ealaín na Gaeltachta on behalf of Údarás na Gaeltachta, faoi Scéim an Chéatadáin don Ealaín

## LOCATION

Campas Íosagáin, Baile Bhuirne, Co Cork

## SITE VISIT AND BRIEFING MEETING:

Friday 23 May 2025

## DEADLINE FOR STAGE 1 APPLICATIONS:

5pm Thursday 12 June 2025

## BUDGET:

€68,000. This will cover artist fees, supply and installation of art works on site, inclusive of all associated costs including VAT.



# CLÁR ÁBHAIR

REAMHRÁ .......... 07
AN CUIREADH .......... 07
COMHTHÉACS AN CHOIMISIÚIN .......... 09
MAOINIÚ .......... 09
CUAIRT AR AN SUÍOMH AGUS CRUINNIÚ EOLAIS .......... 11
CÉIM 1 .......... 13
CÉIM 2 .......... 19
SCÁLA AMA DON CHOIMISIÚN .......... 23
TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA .......... 23
AGUISÍN .......... 27

# TABLE OF CONTENTS


INTRODUCTION ........ 08

THE INVITATION ........ 06

CONTEXT OF THE COMMISSION ........ 10

FINANCE ........ 10

SITE VISIT AND BRIEFING MEETING ........ 12

STAGE 1 ........ 14

STAGE 2 ........ 20

TIME SCALE ........ 24

TERMS & CONDITIONS ........ 24

APPENDIX ........ 27

# RÉAMHRÁ

Tá foirgneamh stairiúil, a raibh eolas air le blianta fada mar Choláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne, Co Chorcaí, á athchóiriú agus á athshamhlú don 21ú haois. Tá lárionad forbartha fiontraíochta agus áiseanna oiliúna agus taighde le láithriú san fhoirgneamh athchóirithe ar Champas Íosagáin. Tar éis breis agus 25 bliana ina raibh an Coláiste dúnta agus ag titim i léig, tá an fhorbairt uaillmhianach seo ag cur le fuinneamh cheantar Ghaeltachta Mhúscraí agus na ceantair uile máguaird.
Tá maoiniú á chur ar fáil ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe trí Scéim an Cheatadáin don Ealaín le haghaidh coimisiún ealaíne poiblí a sholáthar don fhorbairt seo. Beidh an próiseas coimisiúnaithe á bhainistiú ag Ealaín na Gaeltachta ar son Údarás na Gaeltachta.

# AN CUIREADH

Fáiltíonn na coimisinéirí roimh mholtaí le haghaidh saothair nua ealaíne atá uaillmhianach agus úrmhaireach agus a chruthóidh nasc spleodrach idir oidhreacht an tsuímh agus an 21ú haois. Tá an coimisiún seo dírithe ar an spás poiblí atá ar Champas Íosagáin, agus thart air, a shaibhriú agus a chosaint mar spás atá cuideachtiúil, spreagúil agus fáilteach.
Tá an cuireadh seo oscailte d'ealaíontóirí, do ghrúpaí ealaíontóirí agus do léiritheóirí cruthaitheacha. Tá an tuiscint is leithne ar an ealaín phoiblí á glacadh i rith an phróisis seo, agus tugtar cuireadh oscailte d'ealaíontóirí ó aon réimse, cleachtas nó réimse ealaíne.
Beidh nasc á chothú ag an saothar ealaíne le gnéithe éagsúla den chomhthéacs agus den suíomh. Tugtar suntas faoi leith do na gnéithe seo a leanas: An Ghaeltacht Chruthaitheach san 21ú hAois; An Oidhreacht Chultúrtha; An Pobal Cuideachtúil.
Beidh dhá chéim i gceist leis an bpróiseas coimisiúnaithe seo.

# INTRODUCTION

The historic building known for many years as Coláiste Íosagáin in Baile Bhuirne, Co Cork, is being renovated and reimagined for the 21st century. Currently, Campas Íosagáin, a planned Enterprise Development Hub, with training and research facilities, is being developed for the repurposed building. Over the past 25 years, Coláiste Íosagáin has been falling into decay and disrepair. This ambitious new development is now revitalising the building, the Múscraí Gaeltacht, and the surrounding areas. Funding is being provided by the Rural Regeneration and Development Fund through the Percent for Art Scheme to support a public art commission for this development. The commissioning process is being managed by Ealaín na Gaeltachta on behalf of Údarás na Gaeltachta.

# THE INVITATION

The commissioners welcome proposals for original, ambitious and innovative artworks which will create a vibrant connection between the rich heritage of this site, and its future potential. This commission will enrich and enliven the public space in or around Campas Íosagáin, as a place which is welcoming, nurturing and inspiring.

This invitation is open to artists, teams or creative producers. The broadest interpretation of public art is being applied throughout this process, with an open invitation to artists and applicants to submit proposals in any artform or form of arts practice. The proposal must be for a new and original artwork which will foster connections with aspects of the context and site. Notable aspects include: The Creative Gaeltacht in the 21st century; Cultural Heritage; The Nurturing Community.

This competition is being organised as an open call, two-stage process.

# CÓMHTHÉACS AN CHOIMISIÚN

Tógadh Coláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne, in iarthar Chorcaí, sna 1930idí mar choláiste réamhullmhúcháin d'ábhar oidí bunscoile don Saorstát nua. Ón gcéad lá ar aghaidh, bhí nasc láidir idir Coláiste Íosagáin agus an ceantar Gaeltachta seo, agus daltaí éirimiúla ó gach cearn den tír ag tarraingt ar Bhaile Bhuirne le haghaidh oideachas lán-Ghaeilge a fháil thar thréimhse 30 bliain, i lár an chéid seo caite.

Bhí misean láidir sna coláistí seo le teanga, stair, ceol, spóirt agus cultúr sainiúil na hÉireann a spreagadh tríd an gcóras oideachais. Sa chnuasach staire béil *Memories of Coláiste Íosagáin* (2024), tugtar léargas ar spiorad na scoile, spiorad a d'fhág a lorg ar iardhaltaí na scoile ar feadh a saol. Tá cóip PDF don leabhar seo ar fáil, ar iarratas, ag ealain@udaras.ie. Ó 1964 ar aghaidh, d'fheidhmigh Coláiste Íosagáin mar ghnáth-mheánscoil lán-Ghaeilge agus in 1974, ghlac Coláiste Íosagáin le cailíní mar dhaltaí den chéad uair. Dúnadh doirse Choláiste Íosagáin go buan in 1989.

Fuair an Stát seilbh ar an bhfoirgneamh nuair a cheannaigh Údarás na Gaeltachta é in 1998. In 2020, d'fhógair an tÚdarás ré nua do Choláiste Íosagáin (faoin teideal 'Campas Íosagáin', feasta) nuair a cuireadh tús le togra mór athfhorbartha agus athchóirithe ar an seanfhoirgneamh. Beidh ionad nua forbartha fiontraíochta, áiseanna oiliúna agus taighde comhaimseartha á lonnú ann ó 2026 amach. Beidh uaillmhian, éirim agus spiorad fiontraíochta na Gaeltachta á gcothú sa tseanfhoirgneamh arís leis an bhforbairt seo. Tá breis eolais ar an dtionscadal seo ar fáil ag https://campas.ie.

# MAOINIÚ

€68,000 luach an choimisiún, CBL san áireamh. Tá árachas riachtanach, doiciméadú, cáin agus lonnú an tsaothair ar an suíomh san áireamh anseo. Déannfar gearrliostú ar suas le cúig ealaíontóir/iarratasóir tar éis Chéim 1 agus íocfar táille €800 le gach ealaíontóir acu siúd ach an moladh a fhorbairt i dtreo chur i láthair Chéim 2 (féach Próiséas Iarratais agus Roghnaithe, thíos).

# CONTEXT OF THE COMMISSION

Coláiste Íosagáin was built in Baile Bhuirne, West Cork in the 1930s as a preparatory college for primary teacher candidates in the new Free State. From the very beginning, there was a strong connection between Coláiste Íosagáin and this Gaeltacht area, with talented young boys from all over the country coming to Baile Bhuirne, over a 30-year period in the middle of the last century, for full-time Irish-language education. The preparatory colleges had a distinct mission to promote the language, history, music, sports and culture of Ireland through the education system.

The oral history collection *Memories of Coláiste Íosagáin* (2024), offers insights into the lively, spirited and optimistic atmosphere of the school, a mindset which left a lasting impression on former students throughout their lives. A PDF copy of the book is available, upon request, from ealain@udaras.ie. From 1964 onwards, Coláiste Íosagáin operated as an ordinary Irish-language secondary school, and in 1974 Coláiste Íosagáin accepted female students for the first time. The doors of Coláiste Íosagáin were permanently closed in 1989.

The building came into State ownership in 1998, when it was purchased by Údarás na Gaeltachta. In 2020, Údarás announced a new era for Coláiste Íosagáin, henceforth to be known as Campas Íosagáin, when they initiated a major redevelopment and refurbishment programme for the old building. From 2026 onwards, a new enterprise development centre, with contemporary training amenities and research facilities, will be located there. With this development, the ambition, talent and entrepreneurial spirit of the Gaeltacht will be fostered in the old building once again, for a new age. More information on the project is available on https://campas.ie.

# FINANCE

The value of this commission is €68,000 including VAT. This amount is fully inclusive of design, supply and installation of art works on site, all insurances required, documentation, inclusive of all associated costs including VAT.

Up to five proposals may be selected for the Stage 1 shortlist. All shortlisted artists/applicants will be paid a fee of €800 for completing the submission/application process for Stage 2.

# CUAIRT AR AN SUÍOMH AGUS SEISIÚN EOLAIS


Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt d'ealaíontóir/iarratasóirí, ar spéis leo an togra seo, cuairt a thabhairt ar an suíomh ar Champas Íosagáin ar an **23 Bealtaine 2025**. Gheobhaidh siad turas treoraithe ar an bhfoirgneamh agus ar an ngairdín agus reáchtálfar cruinniú eolais maidir leis an gcoimisiún. Beidh baill foirne Ealaín na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta ann, chomh maith leis an bhfoireann tógála, chun an togra a phlé.

Beidh taifeadadh á dheanamh ar an seisiún eolais. Cuirfear an taifeadadh ar fáil ach é a iarraidh.

Seol ríomhphost, le do thoil, chuig ealain@udaras.ie le breis eolais a fháil agus le clárú don chuairt ar an suíomh.

Coláiste Íosagáin
An Sliabh Riabhach
Baile Bhúirne
P12 T206

## Láthair an Suímh




# SITE VISIT AND BRIEFING MEETING

The commissioners would like to invite interested artists/applicants to attend a site visit and briefing meeting at Campas Íosagáin on 23 May 2025. At this event, artists may participate in a guided tour of the building and garden and a briefing meeting will be held to share information about the commission. Representatives of Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta and the design and construction team will be in attendance to answer questions and to offer guidance on the commission.
The briefing presentation will be recorded, interested parties may request a copy of the recording.
Further information and to register for the site visit and briefing meeting, please contact ealain@udaras.ie

Coláiste Íosagáin
An Sliabh Riabhach
Baile Bhúirne
P12 T206

## Site Location



# CÉIM 1

## Critéir Roghnúcháin - Céim 1

Tá dhá chéim sa chomórtas oscailte seo. Fágfar an glaoch oscailte d'aon ghnó ionas go mbeidh raidhse spáis ag an tsamhlaíocht, ag an úrmhaireacht agus ag an gcruthaitheacht. Beidh measúnú á dhéanamh ar na tograí de réir na gcritéar seo a leanas:

- Tá na coimisinéirí ag súil le léiriú a fháil ar uaillmhian agus indéantacht an togra ealaíne sa mholadh.
- Tá an glaoch seo oscailte d'iarratais ó gach réimse ealaíon. Tá an tuiscint is leithne ar an ealaín phoiblí á glacadh i rith an phróisis seo, agus tugtar cuireadh oscailte d'ealaíontóirí/iarratasóirí ó aon réimse, cleachtas nó cineál ealaíne – saothair bhuana, ealaín shealadach agus tograí buanaithe ealaíon pobail san áireamh.
- Tá eispéireas fadtéarmach an tsaothair ealaíne á chur san áireamh sa choincheap ó thús.
- Caidreamh leis an bpobal a bheith á neadú sa choincheap agus san fhís ealaíne.
- Comhthéacs na Gaeltachta agus na Gaeilge a bheith le sonrú sa choincheap agus san fhís ealaíne.
- Beidh mar a lonnófar an saothar ar an suíomh, na seirbhísí riachtanacha agus bainistíocht fadtéarmach an tsaothair ealaíne curtha san áireamh sa choincheap agus sa dearadh ón tús. Sa chás go mbeidh seirbhísí ag teastáil chun an saothar ealaíne a lonnú ar an suíomh, nach mbeidh seirbhísí breise á gcur ar fáil lasmuigh díobh siúd atá leagtha amach sa léarscail (Aguisín).
- Buiséad: €68,000. Tá táillí, dearadh, ábhair, lonnú ar an láthair agus costais incháilithe le CBL curtha san áireamh
- Fáilteófar roimh iarratais ó ealaíontóirí atá lonnaithe sa Ghaeltacht ach níl an glaoch teoranta d'ealaíontóirí Gaeltachta. Tá an coimisiún seo oscailte d'ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta.

# STAGE 1

## Commissioning Process and Selection - Stage 1

This competition is being organised on an open call, two-stage process. This brief is intentionally open leaving ample space for imagination, originality and creativity. The proposals will be assessed according to the following criteria:

- The commissioners wish to be surprised by the ambition and originality of ideas combined with feasibility of proposals.
- This call is open to artists and applicants who wish to submit proposals for a new and original artwork in any artform and practice. This could include permanent work, temporary or time-based art and socially-engaged projects.
- The long-term experience of the artwork must be considered and integrated in the original concept.
- The relationship with the community is embedded in the concept and artistic vision.
- The Irish language and Gaeltacht context is embedded in the concept and artistic vision.
- The location on site, the infrastructural services required, and the long-term management of the artwork will be considered in the original concept and project design. Please note that no additional services, beyond those services already in situ and illustrated in the Appendix, will be available.
- Budget: €68,000. This will cover design, supply and installation of art works on site, inclusive of all associated costs including VAT.
- Applications from Gaeltacht-based artists are welcome, and this open call is not limited to Gaeltacht-based artists. This commission is open to Irish artists and to international artists.

# Treoir Theicniúil Céim 1

Féach ar Aguisín le tuilleadh eolais a fháil faoin suíomh féideartha – léarscáileanna, líníochtaí, grianghraif agus íomhánna ríomhghinte den suíomh san áireamh. Beidh a thuilleadh eolais agus turas ar an suíomh le fáil ag an gcruinniú eolais ar an **23 Bealtaine 2025**.

# Próiseas Iarratais – Céim 1

I gCéim 1, tugtar cuireadh d'ealaíontóirí/iarratasóirí coincheap agus léargas a thabhairt ar an saothar atá á mholadh acu. Níltear ag súil go mbeidh mionfhorbairt déanta ar an moladh ag an staid seo, ach tá sé tábhachtach go mbeadh go leor eolais á chur ar fáil chun indéantacht agus féidearthacht an tsaothair a mheas de réir na gcritéar thuasluaite. Tá na hábhair seo a leanas riachtanach don chéim seo:

- Léiriú suime agus léargas scríofa ar an gcur chuige agus ar an bhfís a bhaineann leis an saothar ealaíne atáthar a mholadh (500 focal);
- Léargas físiúil ar an saothar molta, más féidir;
- Léargas imlíneach ar na riachtanais ó thaobh seirbhísí agus lonnú ar an suíomh;
- Léargas ar an gcur chuige maidir leis an gcaidreamh leis an bpobal a bheith á neadú sa choincheap agus san fhís ealaíne;
- CV – cáilíochtaí agus taithí go dtí seo (dhá leathanach ar a mhéid);
- Portfóilió cothrom le dáta d'obair atá ábhartha don tionscadal, nó suíomh idirlín ar a bhfuil a mhacasamhail;
- Amlíne molta;
- Buiséad molta – táillí ealaíontóra, dearadh agus ábhair, árachas, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus doiciméadú san áireamh.

**Ní mór an t-eolas seo a sheoladh chuig ealain@udaras.ie roimh 5in ar an 12 Meitheamh 2025 agus 'Campas Íosagáin' i líne an ábhair.**

# Technical Guidance Stage 1

Please see Appendix for more information about the site and location including maps, drawings and computer-generated images of what the scheme shall look like once complete. This information will be further animated at the site visit and briefing meeting on **23 May 2025**.

# Submitting proposals for Stage 1

In Stage 1 artists/ applicants are invited to present a concept and overview of the proposed artwork. A fully developed proposal is not expected at this stage, it will however, be necessary to provide enough information to allow for an assessment of the artistic potential and feasibility of the work according to the above criteria. The submission must include the following:

- An expression of interest and a written overview of the proposed approach and vision for this commission (500 words)
- Outline of the requirements in terms of services and site location
- Illustration of the approach to embedding the relationship with the community in the concept and vision.
- CV of lead artist /applicant outlining relevant qualifications and experience to date (maximum 2 pages)
- Up to date portfolio of relevant work or equivalent website.
- Proposed timeline
- Proposed budget including artist's fees, design and materials, insurance, engagement activities, documentation

**Submissions to be sent to ealain@udaras.ie by 5pm on June 12, 2025 with 'Campas Íosagáin' in the subject line.**

# Measúnú Céim 1

Scagfar na hiarratais lena n-incháilitheacht de réir na gcritéar a mheas agus lena mheas a bhfuil an t-ábhar riachtanach iontu. Cuirfear na hiarratais incháilithe os comhair painéal meastóireachta ar a mbeidh baill ó Ealaín na Gaeltachta, Oifig Ealaíon Chontae Chorcaí, Saineolaí ealaíon poiblí neamhspleách, agus ionadaí pobail. Déanfaidh an painéal gearrliostú ar suas le cúigear ealaíontóirí/iarratasóirí agus tabharfar cuireadh dóibh siúd le haghaidh Chéim 2.

# Córas Scórála Chéim 1

Beidh na hiarratais á meas de réir na gcritéar seo a leanas agus beidh íosmhéid de 50% le baint amach i gcás gach critéir.

| | |
|---|---|
| Úrmhaireacht agus uaillmhian an tsaothair | /40 |
| Nasc leis an gcomhthéacs | /25 |
| Indéantacht an togra | /25 |
| Saothar go dtí seo | /10 |
| Iomlán | /100 |

Forchoimeádann an painéal meastóireachta an ceart gan rogha a dhéanamh ag an staid seo, agus coimeádann siad an ceart próiseas roghnúcháin eile a chur ar bun, más gá.





# Evaluation Stage 1

Applications will be screened for eligibility according to the criteria and required materials. Eligible applications will be presented to the evaluation panel, consisting of members of Ealaín na Gaeltachta, Cork County Arts Office, an independent public art specialist, and a community representative. The panel will shortlist up to 5 artists/applicants who will be invited to proceed to Stage 2.


# Scoring Rubric Stage 1

Proposals will be assessed using the following criteria and a minimum percentage score of 50% will be required in each criterion:

| | |
|---|---|
| Quality, originality and ambition of the proposal | /40 |
| Connection to the context | /25 |
| Feasibility of the proposal | /25 |
| Track record | /10 |
| Total | /100 |

The evaluation panel reserves the right not to make a selection at this stage and retains the right to follow another selection process if necessary.





# CÉIM 2

Is comórtas teoranta é Céim 2 don choimisiún seo, ina mbeidh cuireadh faighte ag suas le cúigear ealaíontóirí/grúpaí ealaíon/léiritheoirí cruthaitheacha, le breis taighde agus forbairt a dhéanamh ar na moltaí, agus chun cur i láthair a dhéanamh ar mholtaí forbartha.

Is féidir iarraidh orthu siúd ar an ngearrliosta aghaidh a thabhairt go sonrach ar smaointe nó ar shaincheisteanna áirithe ina gcuid moltaí. Beifear ag súil go dtabharfar léargas ar indéantacht an togra agus ar amchlár na hoibre.

**Is é an 15 Lúnasa 2025 an spriocdháta do chur i láthair Chéim 2.**

## Critéir Roghnúcháin - Céim 2

Deanfaidh an painéal roghnúcháin measúnú ar na moltaí i gCéim 2 ag úsáid na gcritéar seo a leanas:

- Úrmhaireacht, uaillmhian agus caighdeán an tsaothair;
- Coincheap agus ábharthacht don chomhthéacs;
- Próiseas agus indéantacht an togra – bainistíocht fadtéarmach an tsaothair ealaíne san áireamh, má bhaineann le hábhar;
- Cumas an ealaíontóra nó an léiritheora chruthaithigh an tionscadal a fhorbairt, a bhainistiú agus a sheachadadh in am, taobh istigh de theorainn an bhuiséid;
- Obair atá déanta go dtí seo.



# STAGE 2

Stage 2 of this commissioning process is a limited competition, where up to 5 artists/applicants will be invited to conduct further research and development on their proposals and invited to present the developed proposals to a selection panel.

Shortlisted artists/applicants may be asked to address specific ideas or issues in their proposals at this stage. They will be expected to provide insights into the feasibility of the proposal and the work schedule.

**Deadline for Stage 2 Presentation is 15 August 2025**

## Commissioning Process and Selection Stage 2

The selection panel will assess the proposals in Stage 2 using the following criteria:

- Originality, ambition and quality of the work
- Concept and relevance to the context
- Process and feasibility of the proposal, including long term management of the artwork, if applicable
- Ability of the artist/applicant to develop, manage and deliver the project on time and within budget
- Work to date

# Próiseas Iarratais – Céim 2

Ní mór do na healaíontóirí/na hiarratasóirí na hábhair seo a leanas a chur ar fáil, mar atá leagtha amach thíos:

- An coincheap/saothar ealaíne;
- Léargas físiúil ar an saothar molta, más féidir;
- Amscála an choimisiúin (forbairt san áireamh);
- Straitéisí agus cur chuige chun an caidreamh leis an bpobal a neadú sa choincheap agus san fhís ealaíne;
- Léargas cruinn ar aon saincheisteanna teicniúla a bhaineann leis an saothar (ábhar físiúil, líníochtaí teicniúla, modheolaíocht srl san áireamh);
- Briseadh síos cruinn ar bhuiséad an togra, agus na nithe seo a leanas san áireamh (má bhaineann le hábhar): táillí ealaíontóra, táillí eile, ábhair, lonnú ar an láthair, idirghníomhaíocht phobail, doiciméadú;
- Cúntas ar an gcur chuige ó thaobh doiciméadaithe de;
- Litir thacaíochta/chomhaontaithe (má bhaineann le hábhar);
- C.V. an phríomhealaíontóra/iarratasóra nó na bpríomhbhall foirne (de réir mar is cuí);
- Samplaí den obair atá déanta go dtí seo – uasmhéid de 3 thionscadal ábhartha.

Cuirfear na moltaí forbartha i láthair go pearsanta, os comhair painéal meastóireachta, ar a mbeidh saineolaí neamhspleách ar an ealaín phoiblí agus baill ó Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí agus ionadaí pobail.

Má tá riachtanais rochtana nó teicniúla faoi leith ag an ealaíontóir/iarratasóir maidir leis an gcur i láthair, is gá é a chur in iúl a luaithe is a ghlactar leis an gcuireadh.

**Is gá don ealaíontóir/iarratasóir a bheith ar fáil chun an cur i láthair a dhéanamh i gceantar Mhúscraí ar an Aoine, 15 Lúnasa 2025.**

# Íocaíocht/Liúntas - Céim 2

Íocfar táille €800 leo siúd atá ar an ngearrliosta agus a mbeidh cur i láthair á dheanamh acu. Íocfar liúntas taistil suas le €75 leo siúd a dhéanfaidh cur i láthair ar an 15 Lúnasa 2025.

# Submitting Proposals for Stage 2

Artists/applicants must provide the following materials, as outlined below:

- The concept/artwork
- Visual representation of the proposed work, if applicable
- Timeline of the commission, including development
- Strategies and approaches to integrating the community relationship into the concept and artistic vision
- Detailed overview of the technical issues relating to the work (including visual materials, technical drawings, methodology etc.)
- Detailed breakdown of the project budget including, if applicable, the following: artist fees, other fees, materials, site location, community interaction, documentation
- An account of the approach to documentation
- Letter of support/agreement if applicable
- CV for lead artist/applicant or key team members (as appropriate)
- Examples of work to date – a maximum of 3 relevant projects

The developed proposals will be presented in person before an evaluation panel, which will include an independent public art specialist, representatives from Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, Cork County Arts Office, and a community representative.

If the artist/applicant has specific access or technical requirements for the presentation, they must notify Ealaín na Gaeltachta when the invitation is accepted.

**The artist/applicant must be available to make an in-person application in Múscraí, Co. Cork on Friday, 15 August 2025.**

# Fees and Travel Allowance - Stage 2

All shortlisted artists/applicants will be paid a fee of €800 for completing the submission/application process for Stage 2. A travel allowance of up to €75 will be provided to each presenting artist/applicant.

# SCÁLA AMA DON CHOIMISIÚN

Is é an scála ama atá i gceist leis an gcoimisiún seo ná bliain amháin ó shíniú an chonartha chun an saothar críochnaithe a bheith curtha i láthair ar an suíomh. Sa chás gur saothar ealaíne fadtréimhseach atá i gceist, beidh measúnú le déanamh ar an scála ama.

# TÉARMAÍ & COINNIOLLACHA

- Forchoimeádann an painéal meastóireachta an ceart gan rogha a dhéanamh, agus coimeádann an ceart próiseas roghnúcháin eile a chur ar bun, más gá;
- Tabharfar conradh don ealaíontóir/iarratasóir a n-éireoidh leis/léi sula gcuirfear tús leis an obair;
- Beidh ar an ealaíontóir/iarratasóir a cheapfar an t-árachas seo a leanas a bheith acu:
    a. Clúdach Árachais Dliteanais Phoiblí de €6.5 milliún le síneadh slánaíochta don phríomhaí.
    b. Clúdach Dliteanais Fostóirí de €13 milliún le síneadh slánaíochta don phríomhaí (i gcás go bhfuil sé/sí fostaithe chun obair a dhéanamh ar an gcoimisiún ealaíne);
- Ní bheidh trealamh a bhaineann leis an ealaíontóir ná lena chomhpháirtithe á chlúdach ag árachas na gCoimisinéirí;
- Caithfidh an saothar ealaíne agus an próiséas cruthaithe agus insealbhaithe cloí le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Déanfar imscrúdú sláinte agus sábháilteachta á dhéanamh ar an togra a n-éireoidh leis;
- a chás go mbeidh leanaí agus/nó seandaoine leochaileacha bainteach leis an togra seo, beidh sé de dhualgas ar an ealaíontóir/iarratasóir grinnfhiosrúchán an Gharda Síochana a chomhlíonadh. Beidh ar na healaíontóirí /hiarratasóirí a roghnófar cloí le beartas náisiúnta maidir le coimisiúin a bhaineann le hidirghníomhaíocht le leanaí, daoine óga agus daine fásta leochaileacha agus, nuair is gá, oiliúint a fháil sa réimse seo, de réir riachtanais náisiúnta;
- Beidh ar an ealaíontóir/iarratasóir a cheapfar deimhniú imréitigh cánach cothrom le dáta a sholáthar sula síneoidh sé/sí an conradh agus ar feadh thréimhse an choimisiúin ealaíne;

# TIME SCALE

The intended time scale of the commission is for presentation on site 1 year from the signing of contracts. In the case where the artwork is durational in nature, this time scale may be re-evaluated.

# TERMS & CONDITIONS

- The evaluation panel reserves the right not to make a selection at this stage and reserves the right to follow another selection process if necessary.
- The successful artist/applicant will be issued with a contract in advance of work beginning
- The appointed artist/team will be required to have the following insurances:
  a. Public Liability Insurance cover of €6.5 million with an indemnity to principal extension.
  b. Employers Liability Cover of €13 million with an indemnity to principal extension (where employees are engaged to work on the Commission).
- The Commissioners will not insure equipment belonging to the artist or their associates.
- The artwork must comply with Health and Safety standards. The successful submission will be subject to Health and Safety checks.
- Child and Vulnerable Adults Protection: Selected artists will be required to complete the garda vetting process. Selected artists will be required to follow national policy with regard to commissions involving interaction with children, young people and, vulnerable adults and where applicable undergo training in this area, as per national requirements.
- The appointed artist/applicant will have to supply an up-to-date tax clearance certificate prior to signing of contract and for the duration of the commission.

- Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil CBL san áireamh i ngach coimisiún a bhronntar, (má tá nó mura bhfuil an bhfuil dliteanas CBL leis an ealaíontóir nó leis an gCoimisinéir). Caithfidh ealaíontóirí /iarratasóirí neamhchónaitheacha ón AE agus ó thíortha neamh-AE a bheith ar an eolas faoi aon impleachtaí cánach nó CBL a eascraíonn as an gcoimisiún agus a chinntiú go bhfuil aon chostais a eascraíonn as seo san áireamh ina mbuiséad;
- Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go mbeadh gá le fianaise a sholáthar ag dearbhú gur ceadmhach dóibh oibriú in Éirinn;
- Eolas poiblí: Tabhair faoi deara go bhfoilsítear liosta de na hiarrthóirí a mbronntar coimisiúin/deontais orthu, chomh maith le méid an coimisiúin/deontais, ar shuíomh gréasáin Ealaín na Gaeltachta gach bliain.



- Applicants should note that all commissions awarded are VAT inclusive, (whether VAT liability lies with the artist or the Commissioner). Non-resident artists from EU and non-EU countries must be aware of any tax or VAT implications arising from the commission and ensure that any costs arising from this are included in their budget.
- Applicants should note that they may be required to provide an employment permit for Ireland
- Applicants should note that details of the commission, including the fee total, may be published by Ealaín na Gaeltachta and Údarás na Gaeltachta.



# AGUISÍN

# APPENDIX

## Plean Suímh Molta

## Proposed Site Plan




# AGUISÍN

# APPENDIX

## Plean Molta Bun Urlár

## Proposed Ground Floor Plan




# AGUISÍN

# APPENDIX


## Plean Molta An Céad Urlár

## Proposed First Floor Plan



# AGUISÍN　APPENDIX

## Plean Molta An Dara Urlár　Proposed Second Floor Plan



# AGUISÍN

# APPENDIX

## Plean Molta Áiléir

## Proposed Attic Plan

